1243

Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
National University of Ireland, Galway

GX____

Scrúduithe an tSamhraidh, 2004/2005
Teimpléad don Chéad Leathanach

Có(i)d Scrúdaithe	2BA1, IOA1,1EM1
Scrúdú/Scrúduithe	An Dara Bliain sna Dána
Có(i)d Modúil	SP220
Modú(i)l	Modhanna don Eolaíocht Shóisialta & Pholaitiúil
Uimh an Pháipéir Páipéar Athscrúdaithe	Páipéar Speisialta
Scrúdaitheoir(í) Seachtrach(a)	An tOllamh Kevin Leyden & an tOllamh Richard Jenkins
Scrúdaitheoir(í) Inmheánach(a)	An tOllamh Chris Curtin An Dr Ricca Edmondson An tUasal Donal Igoe An Dr Henrike Rau
Treoracha:	Freagair Ceithre cheist san iomlán, DHÁ cheist as Roinn A agus DHÁ cheist as Roinn B. Bain úsáid as freagarleabhar ar leithligh, le do thoil, do gach roinn
Fad	Dhá uair an chloig
Líon na bhFreagarleabhar	2
Líon na Leathanach	
Roinn/Ranna	Eolaíocht Pholaitiúil & Socheolaíocht

SP220 Modhanna don Eolaíocht Shóisialta & Pholaitiúil

Am ceadaithe: Dhá uair an chloig

Roinn A: Cainníochtúil. Freagair dhá cheist as an Roinn seo.
Ba chóir na freagraí a bheith gearr agus beacht. Ní fhéadfaidh tú an t-ábhar céanna a d'úsáid tú i bhfreagra amháin a úsáid i bhfreagra eile.

1. In *The Elements of Social Scientific Thinking*, scagann Kenneth Hoover an chaoi a n-úsáideann taighdeoirí "a special kind of concept, the variable, to form a special kind of sentence, the hypothesis". Déan cur síos ar na próisis a bhaineann le hipitéis a chur le chéile agus feidhmiú athróga.

2. Déantar contrárthacht go minic idir samhail ionduchtach i ndéanamh teoirice agus an tsamhail dhéaduchtach. Déan cur síos ar an dá shamhail seo, agus tabhair sampla amháin, ar a laghad, den úsáid a bhainfí as **ceann amháin** de na samhlacha seo.

3. Cad iad na príomhghnéithe de dhearadh turgnamhach mar chur chuige i leith dearadh taighde?

4. Liostaigh agus déan cur síos gearr ar na príomhchéimeanna i dtaighde cainníochtúil atá léirithe ag Bryman.

5. (a) Cén fáth a ndearbhaíonn Bryman "validity (of measurement) presumes reliability"?
   (b) Liostaigh agus déan cur síos gearr ar cheithre chineál bailíochta (tomhais) a dtráchtann Bryman orthu.

6. In alt Steelman agus Mercy: "Unconfounding the Confluence Model",
   a. Cad iad na buntáistí agus na costais a bhaineann le gan ach leanaí bána a áireamh sa staidéar "residing in homes with both of their natural parents and no other adults over 20 years old"?
   b. Cén fáth ar cuireadh táblaí ar leithligh meán-IQ le chéile de réir ord breithe agus líon na muiríne do dhaoine ag stádas fobhochtaineachta ar láimh amháin agus do dhaoine ag stádas osbhochtaineachta ar an láimh eile?
   c. Sna táblaí a luaitear in (b) thuas, cén fáth ar cuireadh gach teaghlach a raibh muirín níos airde ná cúigear i gcatagóir amháin ach gur bhain catagóir ar leithligh le muirín comhthuismitheoirí nuair ba dhuine amháin, beirt, triúr, ceathar agus cúigear a bhí i gceist?

7. a. Cé na buntáistí a bhaineann le samplú seachas áireamh iomlán an daonra a dhéanamh? Cad é an míbhuntáiste is mó a bhaineann le samplú?
   b. Céard iad na gnéithe a shainmhíníonn **ceann ar bith** acu seo a leanas:
      i. sampláil randamach shimplí
      ii sampláil randamach shrathaithe
      iii sampláil braislí aon chéime amháin
      iv sampláil braislí dhá chéim

TABHAIR FREAGRA AR a) NÓ b)

8. Tabhair cuntas gearr ar **dheich** gcinn de na treoirlínte a mhol Bryman chun agallaimh (struchtúrtha) a reáchtáil.

NO

9. Thug Bryman liosta de chuig bhuntáiste agus aon mhíbhuntáiste dhéag a bhaineann leis an gceistneoir féinlionta i ndáil leis an agallamh struchtúrtha. Tabhair cuntas gearr ar **dheich** gcinn ar bith de na buntáistí/míbhuntáistí seo.

10. Cad iad na saincheisteanna samplála NÓ na saincheisteanna iontaofachta agus bailíochta **a bhaineann** go sonrach le breathnóireacht struchtúrtha mar mhodh taighde de réir Bryman?

11. Deir Bryman, "there are three main contexts within which multivariate analysis might be employed". Tá siad seo aitheanta ag na ceisteanna:

    "Could the relationship be spurious?"
    "Could there be an intervening variable?"
    "Could a third variable moderate the relationship?"

    Déan cur síos gearr ar an gciall atá le gach ceann de na comhthéacsanna seo.

ROINN B – Cáilíochtúil. **Freagair DHÁ cheist as Roinn B le do thoil. Bain úsáid as freagarleabhar ar leithligh, le do thoil, don roinn seo.**

12. Pléigh na príomhdhifriochtaí idir taighde sóisialta cáilíochtúil agus taighde sóisialta cainníochtúil. An féidir idirdhealú soiléir a dhéanamh idir an dá straitéis seo i gcónaí?

13. Cé na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le taighde ar ghrúpaí fócais? Déan tagairt do bhailiú sonraí AGUS anailís.

14. TABHAIR FREAGRA AR a) NÓ b)

    I gcás topaicí áirithe, d'fhéadfadh go mbeadh ar eolaithe sóisialta taighde ceilte a dhéanamh. Más rud é nach gcuirtear rannpháirtithe ar an eolas go bhfuil staidéar á dhéanamh orthu, an féidir é sin a chosaint ó thaobh eitice de? Bain úsáid as samplaí chun tacú le do fhreagra.

    NÓ

    Déan comparáid agus contrárthacht ar an seasamh éagsúil atá glactha ag taighdeoirí maidir le treoirlínte eitice. Bain úsáid as samplaí chun tacú le rudai a mhaitear ar bhonn níos gincarálta.

15. Cé chomh héifeachtach is atá breathnóireacht rannpháirteach mar fhoinse do thuiscint shocheolaíoch?

16. Cad iad na fadbanna a eascraíonn as scríbhneoireacht shocheolaíoch agus an féidir iad a réiteach?

17. Cad iad na buntáistí a thugann Teoiric Bhunata nach dtugann bealaí eile le sonraí a bhailiú?